An Bille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Ceart chun Tithíochta), 2017

Thirty-fifth Amendment of the Constitution (Right to Housing) Bill 2017

Mar a tionscnaíodh

As initiated

[No. 41 of 2017]

THIRTY-FIFTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (RIGHT TO HOUSING) BILL 2017

As initiated

CONTENTS

Section
1. Amendment of the Constitution
2. Citation

SCHEDULE

PART 1

PART 2

AN BILLE UM AN gCÚIGIÚ LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN mBUNREACHT (CEART CHUN TITHÍOCHTA), 2017

Mar a tionscnaíodh

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt
1. An Bunreacht a leasú
2. Lua

AN SCEIDEAL

CUID 1

CUID 2

[Uimh. 41 de 2017]

THIRTY-FIFTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (RIGHT TO HOUSING) BILL 2017

Bill

entitled

An Act to amend the Constitution.

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend the Constitution:

Be it enacted by the Oireachtas as follows:

Amendment of the Constitution

1. The Constitution is hereby amended as follows:

(a) the Article, the text of which is set out in *Part 1* of the *Schedule*, shall be inserted after section 2 of Article 43 of the Irish text;

(b) the Article, the text of which is set out in *Part 2* of the *Schedule*, shall be inserted after section 2 of Article 43 of the English text.

Citation

2. (1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Thirty-fifth Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Thirty-fifth Amendment of the Constitution (Right to Housing) Act 2017.

AN BILLE UM AN gCÚIGIÚ LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN mBUNREACHT (CEART CHUN TITHÍOCHTA), 2017

Bille

dá ngairtear

Acht chun an Bunreacht a leasú.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe an Bunreacht a leasú:

Achtaítear ag an Oireachtas ar an ábhar sin mar a leanas:

An Bunreacht a leasú

1. Leasaítear an Bunreacht leis seo mar a leanas:

(a) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* isteach i ndiaidh alt 2 d'Airteagal 43 den téacs Gaeilge;

(b) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* isteach i ndiaidh alt 2 d'Airteagal 43 den téacs Sacs-Bhéarla.

Lua

2. (1) An Cúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Ceart chun Tithíochta), 2017 a ghairm den Acht seo.

SCHEDULE

PART 1

3 1° Admhaíonn an Stát, go sonrach, go n-áirítear ar leas an phobail an ceart chun tithíochta sláine, incheannaithe, dínití, is oiriúnach de réir riachtanais, do na cónaitheoirí go léir in Éirinn agus ráthóidh sé an ceart sin lena dhlíthe, lena bheartais agus trí thosaíocht a thabhairt d'acmhainní dó.

3 2° Uime sin, déanfaidh an Stát teorainn a chur leis an gceart chun maoine príobháidí i gcás go bhfuil sé riachtanach chun leas an phobail a chur in áirithe agus chun an ceart sin chun tithíochta do na cónaitheoirí go léir in Éirinn a shuíomh.

PART 2

3 1° The State, in particular, recognises the common good as including the right to secure, affordable, dignified housing, appropriate to need, for all the residents of Ireland and shall guarantee this right through its laws, policies and the prioritisation of resources.

3 2° The State, accordingly, shall delimit the right to private property where it is necessary to ensure the common good and to vindicate the said right to housing for all residents of Ireland.

AN SCEIDEAL

CUID 1

3 1° Admhaíonn an Stát, go sonrach, go n-áirítear ar leas an phobail an ceart chun tithíochta sláine, incheannaithe, dínití, is oiriúnach de réir riachtanais, do na cónaitheoirí go léir in Éirinn agus ráthóidh sé an ceart sin lena dhlíthe, lena bheartais agus trí thosaíocht a thabhairt d'acmhainní dó.

3 2° Uime sin, déanfaidh an Stát teorainn a chur leis an gceart chun maoine príobháidí i gcás go bhfuil sé riachtanach chun leas an phobail a chur in áirithe agus chun an ceart sin chun tithíochta do na cónaitheoirí go léir in Éirinn a shuíomh.

CUID 2

3 1° The State, in particular, recognises the common good as including the right to secure, affordable, dignified housing, appropriate to need, for all the residents of Ireland and shall guarantee this right through its laws, policies and the prioritisation of resources.

3 2° The State, accordingly, shall delimit the right to private property where it is necessary to ensure the common good and to vindicate the said right to housing for all residents of Ireland.

Thirty-fifth Amendment of the Constitution (Right to Housing) Bill 2017

BILL

(as initiated)

entitled

An Act to amend the Constitution.

Introduced by Deputies Richard Boyd Barrett, Bríd Smith, Gino Kenny, Paul Murphy, Ruth Coppinger and Mick Barry,

28*th March,* 2017

An Bille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Ceart chun Tithíochta), 2017

BILLE

(mar a tionscnaíodh)

dá ngairtear

Acht chun an Bunreacht a leasú.

Na Teachtaí Risteard Buíd Bairéid, Bríd Smith, Gino Kenny, Pól Ó Murchú, Ruth Coppinger agus Mick Barry a thug isteach,

28 *Márta,* 2017

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

978-1-4064-6173-2

Wt. 80809. 330. 3/17. Essentra. (64840). Gr.30-15.